**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
***State Examinations Commission***

***Scrúdú an Teastais Shóisearaigh 2004***

# *Teicneolaíocht Ábhar Adhmad*
## *Ardleibhéal*
## *Roinn A* *(40 Marc)*

***Dé Luain 21 Meitheamh***
***Maidin, 9.30 - 11.30***

| Uimhir an Ionaid |
|---|
| |

| | |
|---|---|
| Roinn A | |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4(a) nó (b) | |
| 5 | |
| **Móriomlán** | |


***Treoracha***
- ***(a)*** *Freagair* ***16*** *cheist ar bith.*
- ***(b)*** *Tá na ceisteanna go leir ar aon mharc.*
- ***(c)*** *Freagair na ceisteanna sna spásanna atá ann dóibh.*
- ***(d)*** ***Cuir ar ais*** *an leabhrán seo ag deireadh an scrúdaithe.*
- ***(e)*** *Scríobh d'uimhir scrúdaithe sa spás atá ann di agus ar gach bileog eile a úsáideann tú.*

***Uimhir Scrúdaithe:*** | |
|---|

## ROINN A - 40 MARC

***Freagair 16 cheist ar bith ón roinn seo. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.***

**1.** (i) Ainmnigh an uirlis adhmadóireachta a thaispeántar sa léaráid.




**FREAGRA**

(ii) Luaigh an úsáid cheart don uirlis seo.

**ÚSÁID**

**2.** Taispeánann an léaráid scriú le haghaidh adhmaid a dhéantar as cruach. Sna spásanna a chuirtear ar fáil, ainmnigh na páirteanna den scriú agus na lipéid **A, B**, agus **C** orthu.





**A**

**B**

**C**


**3.** Sa léaráid, taispeántar cuasphlána CNC. Luaigh **DHÁ** bhuntáiste a bhaineann le ríomhairí a úsáid le measíní mar seo a rialú .



**BUNTÁISTE 1**

**BUNTÁISTE 2**

**4.** Taispeánann an léaráid suíochán ghairdín a dhéantar as adhmad.




(i) Mol bailchríoch fheidhmithe chuí don suíochán.

**BAILCHRÍOCH** [ ]

(ii) Luaigh cúis **AMHÁIN** le do rogha bhailchríche.

**CÚIS** [ ]

**5.** (i) Ainmnigh an t-inse a thaispeáantar sa léaráid.




**AINM** [ ]


(ii) Cá háit a n-úsáidtear inse den tsort seo de gnáth?


**FREAGRA** [ ]


**6.** Taispeánann an léaráid trí chlár agus tá corralt le cur ortha le painéal níos leithne a dhéanamh. Taispeántar an snáithe cinn ar chlár amháin.
Ar an léaráid, taispeáin an snáithe cinn ar na cláir eile leis an gcamadh a laghdú sa phainéal



**7.** Taispeántar an imlíne agus duilleoga de thrí chrann atá coitianta in Éirinn. Luaigh cé acu (a) **Crua-adhmad**, nó (b) **Bogadhmad** a fhaigtear ó gach crann.







**8.** (i) Ainmnigh an meaisín adhmadóireachta a thaispeántar sa léaráid.



**FREAGRA** [ ]


(ii) Luaigh réamhchúram sábháilteachta **AMHÁIN** faoi leith ba chóir a choimeád agus meaisín den tsórt seo á úsáid agus tabhair cúis amháin le do fhreagra.

**RÉAMHCHÚRAM** [ ]


**CÚIS** [ ]

**9.** Taispeánann an léaráid sceitse isiméadrach neamhiomlán d'alt moirtíse agus tionúir scartha.

Críochnaigh an sceitse den alt seo.



**10.** (i) Cad é an t-ainm ceart don mheicníocht ghiair a thaispeántar sa léaráid?




**FREAGRA** [ ]

(ii) Ainmnigh meaisín adhmadóireachta ina bhaintear úsáid as an mheicníocht seo.

**FREAGRA** [ ]


**11.** Luaigh dhá réamhchúram sábhailteachta ba chóir a choimeád agus úsáid á baint as siséal adhmadóireachta.



**RÉAMHCHÚRAM 1**


**RÉAMHCHÚRAM 2**

**12.** Taispeánann an léaráid crochtín páiste. Ainmnigh an fórsa atá ag gníomhú ar na slabhraí, **C**, agus páiste ina shuí ar an gcrochtín.




**FÓRSA**

**13.** (i) Ainmnigh an uirlis a thaispeántar sa léaráid.




**AINM**

(ii) Luaigh úsáid chuí don uirlis seo.

**ÚSÁID**

**14.** (i) Ón liosta a thugtar, togh ábhar cuí le haghaidh déantúis an fhráma ghrianghraife a thaispeántar sa léaráid.

**Cúr Pholúireatáin** **Aicrileach**
**Poilisteréin Leata** **Úiré-Formaildéad**




**ABHAR**

(ii) Tabhair cúis le do fhreagra.

**CÚIS**

**15.** (i) Cén sórt adhmaid a bhaintear úsáid as, de gnáth, le máilléad adhmadóireachta a dhéamamh?





**FREAGRA** [ ]

(ii) Cén fáth a bhfuil cos an mháilléid níos leithne ag **A** ná ag **B**?

**FREAGRA** [ ]


**16.** Taispeánann an léaráid faobhar siséil agus é á ghéarú ar olachloch.



(i) Luaigh feidhm **AMHÁIN** leis an ola agus an faobhar á ghéarú.


**FEIDHM** [ ]

(ii) Cad í an uillinn **MHEILT**, (A) cheart don fhaobhar le linn ath-ghéarú?




**UILLINN** [ $^{0}$**(céim)** ]

**17.** Ainmnigh na páirteanna den deil adhmadóireachta a bhfuil na lipéid **A**, **B** agus **C** orthu.





**A.** [ ]

**B.** [ ]


**C.** [ ]

**18.** Faightear dhá chineál crana in adhmad, cranaí marbha agus cranaí beo. Cad is cranra **MARBH** ann?



**FREAGRA** [ ]


**19.** Taispeánann an léaráid leagan amach contúirteach de phlocóidí leictreacha ceangailte le soicéad balla. Ón léaráid, aithnigh **DHÁ** chontúirt shábháilteachta sa leagan amach seo.



**CONTÚIRT 1**

**CONTÚIRT 2**

**20.** Taispeánann an léaráid aonad simplí, a dhéantar as feá, le CDanna a stóráil .




Críochnaigh an liosta gearrtha don aonad seo.

| CUR SÍOS | UIMHIR | F | L | T |
|---|---|---|---|---|
| Sleasa | 2 | 120 | | 15 |
| Barr | 1 | | 145 | 15 |
| Bonn | 1 | | | |

**Ní mór an leabrán seo a thabhairt ar ais ag deireadh an scrúdaithe.**

# LEATHANACH BÁN

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
***State Examinations Commission***

## *Scrúdú an Teastais Shóisearaigh 2004*

# *Teicneolaíocht Ábhar Adhmaid*

## *Ardleibhéal*

## *Roinn B* *(60 Marc)*


### *Treoracha*

***(a)*** *Freagair trí cheist* ***ar bith*** *ón roinn seo. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.*

***(b)*** *Áit a bhfuil gá le sceitsí, is cóir iad a dhéanamh saorlámhach nó ar pháipéar greille.*

***(c)*** *Scríobh d'uimhir scrúdaithe ar an bhfreagarleabhar agus ar gach bileog eile a úsáideann tú.*

**1.** Taispeánann an léaráid líníocht isiméadrach, le toisí, de bhord caife le barr gloine. Déantar an fráma as silín.




(i) De réir scála 1:5, déan líníocht oibre ortagrafach den fhráma adhmaid, ina mbeidh **aghaidhchló** ag féachaint i dtreo na saighde **A** agus **taobhchló** ag féachaint i dtreo na saighde **B**.
Cuir isteach **CEITHRE** phríomhthoise ar do líníocht.

(ii) Le cúnamh nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe***, déan cur síos ar mhodh oiriúnach chun an ráille **R** a shiúntiú leis an gcos **L**.

**2.** (i) Is dhá chéim iad i bpróiséas an dearaidh ná **Líníocht Oibre** agus **Measúnú**. Mínigh an dá théarma seo.

(ii) Taispeánann an léaráid bailiúchán d'irisí agus aonaid chianrialú, atá coitianta i mórán tithe. Ag baint úsáide as ***sceitsí néata saorláimhe,*** dear aonad oiriúnach le hirisí mar seo a stóráil agus ina mbeidh áit stórála ann chomh maith do na cianrialaithe.





(iii) Luaigh **DHÁ** riachtanas deartha nach mór a chur san áireamh san aonad a mholtar.


(iv) Ag baint úsáide as notaí agus ***sceitsí néata saorláimhe,*** déan cur síos ar an dóigh ar chuir tú na riachtanais dheartha seo san áireamh i do réiteach.

**3.** (i) Ainmnigh na trí chlár mhonaraithe, **A**, **B**, agus **C**, a thaispeántar sna léaráidí.


**A**



**B**




**C**



(ii) Luaigh **CEITHRE** bhuntáiste a bhaineann le húsáid na gclár mhonaraithe.


(iii) Le cúnamh nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe***, déan cur síos, go mion, ar phróiseas déantúsaíochta de cheann **AMHÁIN** de na cláir mhonaraithe a thaispeántar thuas.

(iv) Taispeánann an léaráid coirnéal de vardrús a dhéantar as chlár mhonaraithe. Le cúnamh nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe***, déan cur síos, ar **DHÁ** mhodh siúntála oiriúnacha a d'fhéadfaí a úsáid ag an gcoirnéal **P**.



**4. Freagair A <u>nó</u> B.**

**(A)** Taispeánann an léaráid coimeádán deisce ina bhfuil tráidire aicrileach agus tacaí a dhéantar as crua-adhmad.



(i) Le cúnamh ***sceitsí néata saorláimhe***, taispeáin an fhorbairt is gá a mharcáil amach ar an mbileog aicrileach leis an tráidire a mhonarú.


(ii) Tá an tráidire le feistiú leis na tacaí crua-adhmad le scriúanna. Déan cur síos, le cúnamh nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe***, ar conas a dhruileálfá na poill chuí sa tráidire agus sna tacaí crua-adhmad leis na scriúanna a fheistiú.

(iii) Deilbhítear na coirnéil thosaigh den bhonn crua-adhmad mar a thaispeántar sa léaráid. Déan cur síos, le cúnamh nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe***, ar an dóigh a **GHEARRFÁ AMACH** agus a **CHRÍOCHNOFÁ** na coirnéil.

(iv) Nuair a bhí an tráidire in úsáid, tugadh faoi deara go raibh sé in ann luascadh anonn agus anall. Mol leasú sa dhearadh chun an luascadh a cosc.

# NÓ

**(B)** Taispeánann an léaráid aonad seilfeanna.



(i) Togh adhmad a mbeadh oiriúnach do mhonarú an aonaid seilfeanna. Tabhair **DHÁ** chúis le do rogha adhmaid.


(ii) Togh bailchríoch fheidhmithe oiriúnach don aonad. Tabhair **DHÁ** chúis le do rogha bailchríche.

(iii) Le cúnamh nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe***, déan cur síos ar conas a **RÉITEOFÁ** an dromchla le do rogha bailchríche a chur air**.**


(iv) Chun rudaí le hairde éagsúla a storáil, ba chóir go mbeadh na seilfeanna so-athraithe. Le cúnamh ***sceitsí néata saorláimhe***, déan cur síos ar mhodh amháin a d'fhéadfai a úsáid leis an socrú seo a fháil.

**5.** (i) Taispeánann na léaráidí trí uirlis tollta adhmaid.
Luaigh na hainmneacha cearta do na huirlisí a bhfuil na lipéid **A**, **B** agus **C** orthu.


**A**



**B**



**C**




(ii) Le cúnamh nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe***, déan cur síos ar conas a thollfá na poill seo a leanas:

(a) Poll 25mm ar thrastomhas, trí phíosa crua-adhmaid 40mm ar tiús.
(b) Poll 20mm ar thrastomhas, le tiús 40mm i bpíosa crua-adhmad 100 ar tiús.
(c) Poll 25mm ar thrastomhas, trí phíosa aicrileach 6mm ar tiús.


(iii) Úsáidtear druilirí gan corda go minic san adhmadóireacht.
Luaigh **DHÁ** bhuntáiste agus **DHÁ** mhíbhuntáiste a bhaineann le húsáid druilirí gan corda.




(iv) Tabhair na hainmneacha cearta do na béalmhíreanna druilire a bhfuil na lipéid **P**, **Q** agus **R** orthu, a thaispeántar sna léaráidí, agus luaigh cé acu de na béalmhíreanna atá oiriúnach le húsáid le druilire gan corda.
Tabhair fáthanna le do fhreagra.



**P**



**Q**



**R**